

Pleanáil don Saol tar éis Scolaíochta

Treoracha do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla
Speisialta agus dá dTuismitheoirí/Caomhnóirí

NCSE 2016



Sa doiciméad seo ciallaíonn an focal 'tuismitheoir' tuismitheoir nó caomhnóir an linbh.

Clár

Réamhrá	2
Mír 1: Má táthar ag smaoineamh ar bhreisoideachas, gairmoideachas nó ardoideachas	6
Mír 2: Má táthar ag iarraidh dul ag obair go díreach tar éis scolaíochta	9
Mír 3: Má tá ardriachtanais tacaíochta ag an scoláire	10
Eagraíochtaí cabhracha	14

Réamhrá

Tá slite éagsúla ann chun ullmhú don saol tar éis na tréimhse scolaíochta.

Is iad an t-ullmhúchán agus an phleanáil a bhíonn mar bhonn faoi thrasnú sásúil tar éis scolaíochta. A luaithe a smaoinítear ar phleanáil don saol atá romhat agus ar na céimeanna a bheidh i gceist is ea is fearr. Nuair a bheidh tú réidh leis an scoil ar mhaith leat dul ag obair gan mhoill nó an mbeidh staidéar breise agus/nó oiliúint ag teastáil uait? An mbeidh tacaíocht bhreise uait nuair a bheidh tú réidh leis an scoil?

An chéad rud ná an neamhspleáchas a fhorbairt ionat féin fad is atá tú fós san iarbhunscoil. Ar an gcuma san beidh tú réidh don chéad chéim

eile. Ní hionann an neamhspleáchas do chách, ach mar shampla: do chinntí féin a dhéanamh; taisteal id aonar ar bhus nó ar thraein; do chuid airgid a bhainistiú; a bheith in ann cócaireacht; do mhaoin pearsanta féin a eagrú; lón a ullmhú duit féin; socruithe a dhéanamh chun bualadh le cairde agus mar sin de.

Iarr cabhair ar an scoil agus/nó tuismitheoirí maidir le plean iarscolaíochta a chruthú ionas go mbeidh tú sásta leis an ngairm bheatha atá roghnaithe agat. Má tá plean aonair oideachais agat ar scoil, d'fhéadfá iarraidh go gcuirfí isteach spriocanna a bheadh úsáideach i leith scileanna a fhorbairt don láthair oibre nó don bhreis/ ardoideachas.

Is iad an t-ullmhúchán agus an phleanáil atá mar bhonn faoin aistriú sásúil.

Ní haon ionadh go mbeidh mothúcháin difriúla agat is tú ag fáil réidh leis an scoil. B'fhéidir go mbeidh inní ort faoi theacht ar rud éigin a thaitníonn leat agus faoina bheith réidh don chéad chéim eile.

Uaireanta bíonn sé deacair teacht isteach ar aon sórt athrú mar scaradh le múinteoirí a raibh aithne agat orthu le fada. Má bhí tú i rang nó scoil speisialta, seans go raibh rang an-bheag ann agus aithne an-mhaith agat ar na múinteoirí agus an fhoireann eile.

Ní bheidh sé chomh deacair san má bhíonn tú ag smaoineamh ar an aistriú ón scoil agus ullmhú déanta agat. Cabhróidh do thuismitheoirí agus múinteoirí leat. A luaithe a smaoínítear ar phleanáil don saol atá romhat i ndiaidh na scolaíochta is ea is fearr. Labhair le múinteoirí faoi scileanna a fhorbairt don láthair oibre. D'fhéadfadh do thuismitheoirí cabhrú leat trí theagmháil a dhéanamh le daoine ar do shon.

Tá réimse roghanna iarscolaíochta ar fáil do chách is do gach leibhéal spéise agus cumais, ci bé acu an ag dul ag obair gan mhoill a bheidh tú nó ag lorg staidéar breise agus scileanna nua go ceann cúpla bliain.

Ní mór an-chuid roghanna a scrúdú trí dhul i dteagmháil le daoine agus institiúidí cuí go maith roimh ré, ar an gcuma san beifear in ann freastal ar do riachtanais fhéin. Tá súil againn go mbeidh an paimfléad seo mar áis a chuirfidh ag smaoineamh tú is ag pleanáil don chéad chéim eile.

Agus tú ag fáil réidh leis an scoil ní mór an-chuid roghanna a scrúdú.

**Mír 1:**

dóibh siúd atá ag smaoineamh ar oideachas breise nó cáilíochtaí breise a fháil tar éis an scoil a fhágáil.

**Mír 2:**

dóibh siúd arbh fhearr leo dul ag obair go díreach tar éis an scoil a fhágáil.

**Mír 3:**

dóibh siúd a mbeidh ardleibhéil tacaíochta uathu is iad ag dul ar aghaidh tar éis na scolaíochta. Is minic a bhíonn riachtanais chasta foghlama acu agus b'fhéidir deacracht éigin eile ina dteannta, mar shampla, fadhb fhisiciúil nó cumarsáide.



Mír 1:

Dóibh siúd atá ag smaoineamh ar bhreisoideachas, gairmoideachas nó ardoideachas

Breisoideachas, mar shampla, Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) mar chéim ar aghaidh i dtreo post nó oideachas breise nó cúrsa oiliúna. Is minic a bhíonn cúrsaí PLC ann do cháilíochtaí FETAC leibhéal 5 nó 6 i dtreo staidéar breise tríú leibhéal nó fostaíocht.

Gairmoideachas a chuimsíonn cúrsaí atá oiriúnach don láthair oibre agus/nó cúrsaí printíseachta. Is iad SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna a thugann na cúrsaí úd.

Ardoideachas, roghanna mar chúrsaí Ollscoile, Institiúidí Teicneolaíochta, Coláistí Oideachais nó comhlachtaí eile príobháideacha. Bronntar cáilíochtaí fochéime nó iarchéime. Bronnann cuid éigin díobh Teastas no Diplóma ag deireadh cúrsa.

I gcuid mhaith Coláistí agus Ollscoileanna bíonn an scéim Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas (DARE) do scoláirí faoi mhíchumas nó ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. Bronnann DARE áiteanna tríú leibhéal ar phointí laghdaithe má bhí dúshláin bhreise oideachais roimh an scoláire san iarbhunscoil de dheasca míchumais.

De ghnáth bíonn Oifigeach Rochtain Míchumais i gcoláistí tríú leibhéal chun cabhrú leat.

Cuimhnigh air! Muna bhfuil do chuid airgid féin agat beidh ort do phlean a phlé le do thuismitheoirí.

Tá liosta teagmhála dóibh siúd a chuireann suim i mBreisoideachas, Gairmoideachas nó Ardoideachas ar fáil ag bun an leabhráin seo.

Conas ullmhú:

Dara nó tríú bliain iarbhunscoile:

- Labhair le do thuismitheoirí, le múinteoir treoirghairme nó le múinteoirí eile sa scoil faoi na hábhair a roghnaíonn tú mar bainfidh sé sin leis na cúrsaí a mbeidh tú in ann cur isteach orthu nuair a bheidh tú réidh leis an scoil.
- Lorg comhairle ón múinteoir treoirghairme nó múinteoirí eile faoi roghanna atá ar fáil.
- Cuimhnigh ar do bhuanna agus ábhair spéise féin – féadfaidh tú a dtuairimí faoi do bhuanna, cumas agus riachtanais a phlé le tuismitheoirí agus múinteoirí treoirghairme.
- Cuardaigh suímh úsáideacha idirlín mar a bhfaighidh tú eolas faoi chúrsaí a thaitneodh leat.

Dhá bhliain sula bhfágann tú an scoil:

- Labhair le do thuismitheoirí agus le múinteoirí faoi na tacaíochtaí um rochtain mhíchumais a bheidh ar fáil.
- Lean den chuardach ar shuímh úsáideacha idirlín.
- Féach ar na cúrsaí a chuirtear ar fáil sna Coláistí/Ollscoileanna éagsúla agus scrúdaigh an t-eolas ar fad a bhíonn acu.
- Más cuí, labhair leis an oifig áitiúil **SOLAS** agus leis na Boird Oideachais agus Oiliúna (**ETB**) atá freagrach as cláir ghairmoiliúna a sholáthar.

D'fhéadfadh sé a bheith deacair uaireanta cúrsa a roghnú nó foirmeacha mionsonraithe a líonadh. Chabhródh do thuismitheoirí nó múinteoirí leat maidir leo siúd.

Sa bhliain deireanach ar scoil:

- Téigh chuig laethanta oscailte.
- Faigh eolas faoi DARE agus aon tacaíochtaí eile a bhaineann le do chúrsa.
- Cuir isteach ar do rogha cúrsa.
- Téigh faoi agallamh má iarrtar ort.
- Smaoinigh ar áit chónaithe, cúrsaí taistil chuig an cúrsa agus aon táillí a bheidh le n-íoc agat.

Nuair a thairgtear áit duit ar chúrsa:

- Labhair leis an duine a théann i dteagmháil le scoláirí míchumais.
- Faigh eolas ar aon mhaoiniú nó tacaíochtaí a bhféadfá cur isteach orthu.
- Bí cinnte go bhfuil gach eolas cuí agat faoin gcúrsa a thosú, socruithe taistil, táillí le n-íoc agus mar sin de.
- Socraigh lóistín oiriúnach má bhíonn ort bogadh ón mbaile.
- Deimhnigh socruithe taistil chuig an láthair oibre chuig an choláiste/ollscoil.

Mír 2:

Dóibh siúd arbh fhearr leo dul ag obair go díreach tar éis scolaíochta

B'fhearr le daoine óga áirithe **dul ag obair go díreach** tar éis scolaíochta. Is maith an rud é dul ar thaithí oibre fad is atá tú fós ar scoil mar bheadh tuairim éigin agat faoin saghas oibre a thaitneodh leat nó a mhalairt. Féadfar dul ag obair ag an deireadh seachtaine, i rith an tsamhraidh nó mar chuid den chlár taithí oibre san idirbhliain.

Más fearr leat dul ag obair go díreach tar éis an scoil a fhágáil beidh an méid seo a leanas úsáideach:

- Bí páirteach i gClár Idirbhliana má tá a leithéid sa scoil.
- Ullmhaigh Curriculum Vitae (CV) – féadfaidh an Múinteoir Treoirghairme, múinteoirí eile nó tuismitheoirí comhairle a chur ort ina leith.
- Féach ar fholúntais a fhógraítear sa nuachtán áitiúil agus ar shuímh idirlín.
- Dean teagmháil le fostóirí sa cheantar.

Tá liosta teagmhála dóibh siúd a bheidh ag lorg oibre ag bun an leabhráin seo.




Mír 3:

Dóibh siúd
ag a bhfuil
ardriachtanais
tacaíochta

Tá dóchas ag formhór na ndaoine óga dul ag obair uair éigin tar éis scoile. Bíonn tacaíocht shainoiriúnaithe ag teastáil ag daoine óga áirithe d'fhonn a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a bheith chomh neamhspleách agus is féidir. Tá roinnt cosán ar fáil duit, b'fhéidir.

Roghanna tar éis scolaíochta dóibh siúd ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta

Cabhraíonn an tSeirbhís Treoirghairme FSS le lucht míchumais maidir le teacht ar rogha oiliúna a bheidh oiriúnach dóibh. Féadfaidh tú féin nó do thuismitheoirí dul i dteagmháil leo trín tseirbhís áitiúil míchumais FSS. Buailfidh comhairleoir leat agus le do theaghlach/tacadóir agus d'fhéadfaí oibriú go dlúth leis an scoil.



Tá roinnt roghanna tar
éis scolaíochta ar fáil
do scoláirí ag a bhfuil
ardriachtanais tacaíochta.

Seo hiad na roghanna a bheadh ar fáil:

- Clár FSS um oiliúint agus athshlánú **nó**
- Seirbhísí lae FSS do dhaoine fásta **nó**
- Oideachas lárshrutha nó seirbhísí oiliúna (féach mír 1 thuas).

Eagraíonn FSS oiliúint agus athshlánú chomh maith le seirbhísí lae do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas mar a leanas agus ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochtaí:

- Míchumas intinne
- Fisiceach
- Céadfaíoch (bodhar/moill éisteachta nó dall/lagú radhairc)
- Deacrachtaí meabharshláinte
- Aicíd Speictream Uathachais.

Oiliúint agus athshlánú – maoiníonn FSS na cúrsaí úd chun scileanna beatha, sóisialta agus bunscoleanna oibre a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas, ar a bhfuil uathachas nó atá faoi mhíchumas casta fisiciúil. De ghnáth leantar go ceann dhá bhliain agus is céim ar aghaidh iad i dtreo oideachas lárshrutha nó deiseanna oiliúna.

Seirbhísí lae do dhaoine fásta – is ea cláir trí mhaoiniú FSS a sholáthraíonn gníomhaíochtaí lae, fostaíocht tacaíthe agus cláir dheonacha oibre dóibh siúd ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta. Is do dhaoine ag a bhfuil ardriachtanais suntasacha tacaíochta ar feadh an tsaoil na cláir úd. Cabhraítear leo maidir le roghanna agus pleananna a dhéanamh agus lena bheith mar dhaoine a bhíonn gníomhach neamhspleách i measc an phobail.

Conas ullmhú:

Gheobhaidh tú féin agus do thuismitheoirí cabhair ó dhaoine éagsúla mar a leanas:

- Labhair leis an scoil nó le Seirbhísí Míchumais FSS faoi na cláir nó cúrsaí atá ar fáil sa cheantar chun a fháil amach an mbeidís oiriúnach duit.
- Léigh Mír 9 den leabhrán NCSE, 'Oideachas agus Oiliúint larscolaíochta' mar a bhfuil eolas ar Oiliúint agus Oideachas Athshlánaithe tar éis Scolaíochta agus ar Seirbhísí lae do Dhaoine Fásta. Tá an leabhrán ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE ag: <http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/NCSE-Post-School-Education-Training.pdf>.
- Seol iarratas chuig an **Seirbhís Míchumais FSS** áitiúil.
- Faigh amach an mbeidh líuntais oiliúna ar fáil agat ón **tSeirbhís Míchumais FSS**.
- Íoslódáil an liosta tacaíochtaí do dhaoine a bhaineann úsáid as 'seirbhísí lae' ón **suíomh idirlín FSS** www.hse.ie.

**Mar achoimre,
beidh ort
smaoineamh ar:**

- 1.** Cén sórt oibre a oireann do na buanna atá agam agus don chumas atá ionam?
- 2.** Cén tacaíochtaí a bheidh ar fáil ag an gcéad leibhéal eile? Conas a phléifear le mo riachtanais speisialta?
- 3.** Cá bhfaighidh mé eolas ar roghanna rochtana míchumais?
- 4.** An mbeidh gá le tuairiscí proifisiúnta chun teacht ar thacaíochtaí, agus má bhíonn, cad iad?
- 5.** An mbeidh aoinne i measc mo chairde ar an gcúrsa céanna?
- 6.** An bhfuil iarscoláirí ó mo scoil féin a labhródh liom faoin gcúrsa?
- 7.** Má bhíonn imní orm nó deacrachtaí agam cé a bheadh ann dom?
- 8.** Conas a chuirtear isteach ar dheontas a bheadh ar fáil?
- 9.** An bhfuil plan eile agam mar chúltaca muna n-éiríonn leis an gceann seo?

Eagraíochtaí cabhracha

Ginearálta

Eolas ar Ghairmeacha Beatha	www.careersportal.ie	Careers Portal
Eolas do Shaoránaigh	www.citizensinformationboard.ie	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
Seirbhísí Míchumais FSS/Ionad Sláinte Áitiúil	www.hse.ie	FSS
Eolas um mhic léinn faoi mhíchumas	www.careersportal.ie	Careers Portal
National Adult Learning Organisation	www.aontas.com	AONTAS
An Áisíntheacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh	www.nala.ie	NALA
Comhairle Tuismitheoirí Iarbhunskoile	www.npcpp.ie	<i>National Parents Council Post-Primary</i>
SENO	www.ncse.ie	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Breisoideachas, Gairmoideachas agus Ardoideachas

Association for Higher Education Access and Disability	www.ahead.ie	AHEAD
Lár-Oifig Iontrála	www.cao.ie	CAO
Scéim oideachais agus oiliúint um Chúram Leanaí	www.dcy.gov.ie	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige
Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas	www.accesscollege.ie	DARE
Ciste do Mhic léinn faoi mhíchumas	www.studentfinance.ie	HEA
Breisoideachas agus cúrsaí oiliúna	www.solas.ie www.etbi.ie/etbi-services/education-resources/further-education/ http://www.qualifax.ie/	Solas Boird Oideachais agus Oiliúna Qualifax

Dóibh siúd atá ag lorg oibre

Seirbhís Fhostaíochta an Stáit	www.welfare.ie/en/Pages/Intreo_home.aspx	Intreo
Ag lorg oibre ar an margadh oscailte	www.welfare.ie/en/Pages/Work-Supports-for-People-with-a-Disability_holder.aspx	EmployAbility

Thógfadh sé tamall aimsire ort teacht ar chinneadh faoina bhfuil uait nuair a bheidh tú réidh leis an scoil ach tá mórán bealaí chun do cuid spriocanna a bhaint amach.

Tá sé ríthabachtach go mbeidh dóthain ama agat chun smaoineamh ar a bhfuil uait agus chun pleanáil don saol atá romhat nuair a bheidh tú réidh leis an scoil.

